C/2024/5867

26.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11704 – TRAFIGURA / MEROIL / MEROIL TANK JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5867)

1. An 19 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Trafigura Group Pte. Limited ('Trafigura', Singeapór),

— Meroil S.A. ('Meroil', an Spáinn),

— Meroil Tank S.L., ('Meroil Tank', an Spáinn).

Gheobhaidh Trafigura agus Mota-Engil rialú comhpháirteach ar Meroil Tank de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is trádálaí tráchtearraí neamhspleách é Trafigura arb iad margaí na hola, na mianraí agus na miotal an speisialtóireacht atá aige. Tá sé gníomhach in dhá phríomhlíne ghnó, mar atá trádáil fhisiceach tráchtearraí agus lóistíocht ghaolmhar, lena n-áirítear loingseoireacht agus cairtfhostú, agus gníomhaíochtaí éagsúla a bhaineann le bonneagar tionsclaíoch,

— Tá Meroil ag gabháil d'oibríochtaí a bhaineann le mórdhíol táirgí peitriliam le custaiméirí neamhspleácha (stáisiúin seirbhíse, dáileoirí gás-ola do chustaiméirí miondíola agus gnó), tráchtálú miondíola trína líonra féin de stáisiúin seirbhíse, stóráil táirgí peitriliam agus, ar bhonn iarmharach, gníomhaíocht trádála.

3. Tá Meroil Tank gníomhach in acmhainneacht stórála táirgí peitriliam a chur ar cíos ar láithreán lóistíochta in Barcelona do thríú páirtithe agus dá mháthairchuideachta.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11704 – TRAFIGURA / MEROIL / MEROIL TANK JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË